M56T

**RABHADH**
**CAITHFEAR an Páipéar Ceisteanna seo a thabhairt ar ais le do leabhar freagraí ag deireadh an scrúdaithe – nó caillfear marcanna.**

**Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe anseo.** →

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2005**

# GNÓ - GNÁTHLEIBHÉAL

**(400 marc)**

DÉ CÉADAOIN, 15 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30 r.n. go dtí 12.00 meánlae

**FREAGAIR**

**(A) Deich gceist as ROINN 1**

**AGUS**

**(B) Ceithre cheist as ROINN 2 mar a leanas:**

**Ceist amháin as Cuid 1 agus**
**Dhá cheist as Cuid 2 agus**
**Ceist amháin eile as**
**Cuid 1 nó Cuid 2.**

**Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.**

**Tabhair faoi deara dáileadh na marcanna ar na ceisteanna.**
**Ceadaítear áireamháin a úsáid.**
**Déanamh agus sórt an Áireamháin a Úsáideadh:**

| C. | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| 13 | |
| 14 | |
| 15 | |
| Iomlán | |

**CUIMHNIGH AR AN BPÁIPÉAR CEISTEANNA SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN LEABHAR FREAGRAÍ INA MBEIDH NA FREAGRAÍ DO ROINN 2.**

# ROINN 1
**(100 marc)**

**CEISTEANNA GEARRFHREAGRA**

**Freagair 10 gceist. Tá 10 marc ag dul do gach ceist. Cuir an páipéar ceisteanna seo ar ais le do thoil in éineacht le do leabhar freagraí.**

1. Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas? (Scríobh gach freagra iomlán sa spás cuí).

| | |
|---|---|
| (i) CGB (AGM) | |
| (ii) CCO (LRC) | |
| (iii) CGFÉ (IBEC) | |

2. Liostaigh na **<u>trí</u>** scil bhainistíocha.

(i) ______________________

(ii) ______________________

(iii) ______________________

3. Sainmhínigh Margaíocht Dhomhanda.

______________________

______________________

______________________

4. Ainmnigh **<u>trí</u>** eagraíocht Leath-Stáit a chabhraíonn le gnóthais Éireannacha.

(i) ______________________

(ii) ______________________

(iii) ______________________

5. Scríobh ***Fíor*** nó ***Falsa*** do gach ceann de na habairtí seo a leanas:

| | **ABAIRT** | **FÍOR NÓ FALSA** |
|---|---|---|
| (i) | Foinse fadtéarma airgeadais is ea Rótharraingt Bhainc. | |
| (ii) | Íocann Cuideachta díbhinní le Scairshealbhóirí . | |
| (iii) | Cáin ar Ús ar Choigealtas is ea C.C.Ú.T. (D.I.R.T.). | |
| (iv) | Tá Fruilcheannach níos saoire ná Iasacht Téarma. | |
| (v) | Foinse ioncaim Theaghlaigh is ea Sochar Leanaí. | |

6. Rianaigh **<u>trí</u>** eilimint de chonradh bailí.

(i) ____________________________________________

____________________________________________


(ii) ____________________________________________

____________________________________________

(iii) ____________________________________________

____________________________________________

7. Sa <u>bhosca</u> <u>freagraí</u> thíos, ainmnigh na ceithre leibhéal thosaigh de Thosaíochtaí Riachtanas **Maslow**. Tá an freagra do leibhéal 5 tugtha.




**Bosca Freagraí**

| | |
|---|---|
| Leibhéal 5 | Riachtanais Fhéin-achtála |
| Leibhéal 4 | |
| Leibhéal 3 | |
| Leibhéal 2 | |
| Leibhéal 1 | |

8. Rianaigh **<u>dhá</u>** bhealach ar féidir le rátaí arda úis dul i bhfeidhm ar ghnó.

(i) ____________________________________________


____________________________________________

(ii) ____________________________________________

____________________________________________

9. Comhlánaigh na **trí** chéim atá ar iarraidh sa slabhra dáileacháin chun táirge a thabhairt chuig an tomhaltóir.

**Céimeanna**




Ainmnigh táirge a d'fhéadfaí a dháileadh ag baint úsáide as an slabhra seo. [ ]

10. Ainmnigh **<u>trí</u>** cháin a íocann gnóthas.

(i) ____________________________________________

(ii) ____________________________________________

(iii) ____________________________________________

11. Cad í an fheidhm atá leis an gCúirt Mhionéileamh?

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

12. Liostaigh **<u>dhá</u>** úsáid a bhaineann gnó as an nGréasán Domhanda (WWW).

(i) ____________________________________________

(ii) ____________________________________________

13. Tarraing líneghraf chun an t-eolas seo a leanas a thaispeáint do CAST Tta.

| **Bliain** | **2000** | **2001** | **2002** | **2003** | **2004** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Díolacháin** | **€100,000** | **€150,000** | **€200,000** | **€250,000** | **€200,000** |

**Díolacháin**

**Bliain**

14. Ainmnigh na **<u>trí</u>** chatagóir (earnáil) tionscail agus tabhair sampla de gach ceann acu.

(i) ________________________ Sampla: ____________________

(ii) ________________________ Sampla: ____________________

(iii) ________________________ Sampla: ____________________

15. Liostaigh **<u>thrí</u>** fheidhm a bhíonn ag Bainisteoir Acmhainní Daonna.

(i) ____________________________________________

(ii) ____________________________________________

(iii) ____________________________________________

**CUIMHNIGH AR AN BPÁIPÉAR CEISTEANNA SEO A CHUR AR AIS LE DO LEABHAR FREAGRAÍ.**

# ROINN 2

**(300 marc)**

**Freagair <u>ceithre</u> cheist as ROINN 2 mar a leanas:**

**Ceist <u>amháin</u> as CUID 1 agus**

**<u>Dhá</u> cheist as CUID 2 agus**

**Ceist <u>amháin</u> eile as CUID 1 nó CUID 2.**

## CUID 1

## DAOINE I NGNÓ

### CEIST 1

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas.

*Cheannaigh Ciara lomaire faiche suí ó Scoth na Lomairí Faiche Tta. ar €2,500. Nuair a thriail sí an phlásóg a bhaint den chéad uair, níor oibrigh na lanna ar an lomaire. D'fhill sí ar Scoth na Lomairí Faiche Tta. chun gearán a dhéanamh.*

**(A)** (i) Ainmnigh an dlí a thugann cosaint don tomhaltóir sa chás seo. (10 marc)

(ii) Mínigh na cearta dlíthiúla atá ag Ciara <u>agus</u> na dualgais atá ar Scoth na Lomairí Faiche Tta. (20 marc)

(iii) Rianaigh bealach **<u>amháin</u>** nach bhfuil dlíthiúil (nach mbaineann leas as an dlí) chun an fhadhb thuas a fhuascailt. (10 marc)

*I gnó, uaireanta teipeann ar Chaidreamh Tionsclaíoch.*

**(B)** (i) Mínigh na téarmaí 'Picéadú' agus 'Ballóid faoi Rún'. (20 marc)

(ii) Déan cur síos ar an ról atá ag an gCúirt Oibreachais. (15 marc)

**(75 marc)**

**CUIMHNIGH AR AN BPÁIPÉAR CEISTEANNA SEO A CHUR AR AIS LE DO LEABHAR FREAGRAÍ.**

## TIMPEALLACHT INTÍRE

### CEIST 2

**(A)** (i) Mínigh an bhrí atá le 'Trádálaí Aonair'. (5 marc)
(ii) Tabhair **dhá** chúis a mbunódh duine gnóthas mar thrádálaí aonair. (10 marc)

**(B)** Liostaigh **trí** bhuntáiste a ghabhann le cuideachta phríobháideach theoranta. (15 marc)

**(C)** Déan idirdhealú idir Airteagail Chomhlachais agus Meabhrán Comhlachais. (10 marc)

**(D)** Bíonn 'Bainisteoir Ginearálta', 'Iniúchóir' agus 'Rúnaí Comhlachta' ag obair i gcuideachta. Mínigh an ról atá ag **beirt** díobh seo. (20 marc)

**(E)** Mínigh **trí** fhreagracht don timpeallacht a d'fhéadfadh a bheith ar chuideachta agus í ag lonnú in áit. (15 marc)

**(75 marc)**

## TIMPEALLACHT IDIRNÁISIÚNTA

### CEIST 3

**(A)** Mínigh **dhá** shochar d'Éirinn as Cuideachtaí Trasnáisiúnta a bheith lonnaithe sa tír. (10 marc)

**(B)**

| | |
|---|---|
| Allmhairithe Sofheicthe | €900m |
| Onnmhairithe Sofheichte | €550m |

(i) Áirigh **Comhardú na Trádála** ón eolas thuas. (Taispeáin do chuid oibrithe)
(ii) Abair an barrachas nó easnamh atá ann. (15 marc)

**(C)** (i) Mínigh an bhrí atá le Onnmhairithe Dofheicthe.
(ii) Tabhair **dhá** shampla d'onnmhairithe dofheicthe. (15 marc)

**(D)** Luaigh **trí** bhuntáiste atá ann d'Éirinn toisc í a bheith ina ball den Aontas Eorpach. (15 marc)

**(E)** Ainmnigh **dhá** institiúid de chuid an A.E.(E.U.). Mínigh an ról atá ag **ceann** amháin díobh. (20 marc)

**(75 marc)**

**CUIMHNIGH AR AN BPÁIPÉAR CEISTEANNA SEO A CHUR AR AIS LE DO LEABHAR FREAGRAÍ.**

**CUID 2**

**BAINISTÍOCHT**

**CEIST 4**

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas**.**

*Is é is cumarsáid ann ná eolas á aistriú idir dhaoine, rud atá ríthábhachtach in earnáil an ghnó atá ag fairsingiú.*

**(A)** Mínigh **trí** thoisc nach mór a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh ar mhodh cumarsáide atá le húsáid i ngnóthas. (15 marc)

**(B)** Tá closleabhair an-choitianta faoi láthair. Baineann an t-eolas seo a leanas leis an méid closleabhar a thug leabharlann amach ar cíos i rith tréimhse sé mhí:

| Mí | Méid Closleabhar |
|---|---|
| Deireadh Fómhair | 100 |
| Samhain | 140 |
| Nollaig | 200 |
| Eanáir | 210 |
| Feabhra | 230 |
| Márta | 190 |

Taispeáin an t-eolas thuas i bhfoirm **barrachairte**. (15 marc)

*Teastaíonn maoiniú iomchuí agus bainistíocht cheart le heagraíocht a reachtáil ó lá go lá.*

**(C)** Luaigh, agus **dhá** chúis á dtabhairt agat, cén fáth a mbeadh sé tábhachtach don leabharlann córas Rialú Stoic a bheith aici. (10 marc)

**(D)** Ainmnigh **dhá** fhoinse airgeadais Fhadtéarma agus mínigh **ceann** amháin díobh. (15 marc)

**(E)** Mínigh gach ceann de na téarmaí seo a leanas:
(i) Rialú Creidmheasa
(ii) Rialú Cáilíochta (20 marc)

**(75 marc)**

**CUIMHNIGH AR AN BPÁIPÉAR CEISTEANNA SEO A CHUR AR AIS LE DO LEABHAR FREAGRAÍ.**

## BAINISTÍOCHT/GNÓ AG GNÍOMHÚ

### CEIST 5

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas.

*Tá Seán Ó Maolmhuaidh ag obair i gcomhlacht ríomhaireachta le scór bliain. Tá beartaithe anois ag an ngnólacht athlonnú go dtí an Chian Oirthear agus tá Seán ag cailleadh a phoist.*

*Tá airgead curtha i dtaisce aige thar na blianta ó bheith ag déanamh ragoibre agus tá téarmaí flaithiúla iomarcaíochta faighte aige. Tá sé ag smaoineamh ar a ghnó féin a bhunú ag deisiú agus ag cothabháil ríomhairí.*

**(A)** Ainmnigh **<u>trí</u>** thréith/scil fiontraíochta a bheidh ag teastáil ó Sheán. (15 marc)

**(B)** Dúirt cara le Seán go raibh sé tábhachtach go ndéanfadh sé anailís LLDB (SWOT). Cad is brí le hanailís LLDB? (15 marc)

**(C)** Déan cur síos ar **<u>thrí</u>** mhodh fógraíochta a d'fhéadfadh Seán a úsáid chun a ghnó a chur cun cinn. (15 marc)

**(D)** Ainmnigh **<u>dhá</u>** riosca agus **<u>dhá</u>** luach saothair a bhaineann le do ghnó féin a bhunú. (20 marc)

**(E)** Tabhair sainmhíniú ar an téarma 'Tarmligean'. (10 marc)

**(75 marc)**

**CUIMHNIGH AR AN BPÁIPÉAR CEISTEANNA SEO A CHUR AR AIS LE DO LEABHAR FREAGRAÍ.**

## BAINISTÍOCHT

### CEIST 6

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteana a leanas.

*Tá Pádraigín Ní Chaoinleáin i mbun a gnó gruaigearachta féin, "Cúrsa Gruaige," i mbaile gnóthach i gContae na Gaillimhe. Fostaíonn sí beirt oibrithe go lánaimseartha agus beirt go páirtaimseartha. Is léi féin an foirgneamh ar fiú €250,000 é agus tá árachas €200,000 air.*

**(A)** Tá tine tar éis damáiste fairsing a dhéanamh don fhoirgneamh. Cuireann Pádraigín éileamh chuig an gComhlacht Árachais ar shuim €150,000.

(i) Áirigh an méid cúitimh a gheobhaidh Pádraigín ón gcomhlacht árachais. (Taispeáin do chuid oibrithe)

(ii) Ainmnigh an riail árachais atá i bhfeidhm sa chás seo. (10 marc)

**(B)** Lasmuigh den árachas tine, ainmnigh **trí** chineál árachais eile ar chóir do Phádraigín a bheith aici dá gnó. (15 marc)

**(C)** Luaigh agus mínigh **trí** phrionsabal árachais. (20 marc)

**(D)** Rianaigh **trí** bhealach a d'fhéadfadh Pádraigín a úsáid chun fostaithe nua a earcú. (15 marc)

**(E)** Rianaigh **dhá** chosúlacht *nó* **dhá** dhifríocht atá idir bainistíocht teaghlaigh agus bainistíocht gnó. (15 marc)

**(75 marc)**

**CUIMHNIGH AR AN BPÁIPÉAR CEISTEANNA SEO A CHUR AR AIS LE DO LEABHAR FREAGRAÍ.**

## CEIST 7

**(A)** Mínigh an téarma Léasú agus luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann le Léasú. (10 marc)

**(B)** Rianaigh **trí** chúis a n-ullmhódh gnóthas réamhaisnéis sreabhadh airgid. (15 marc)

**(C)** Liostaigh **dhá** mhír eolais airgeadais a lorgódh banc nuair a bheadh iasacht *ghnó* á lorg. (10 marc)

**CLÁR COMHARDAITHE (Sliocht)**

| | 2004<br>€ | 2003<br>€ |
|---|---|---|
| Sócmhainní Reatha | 200,000 | 120,000 |
| Dliteanais Reatha | 100,000 | 80,000 |
| Caipiteal in Úsáid | 220,000 | 200,000 |

**CUNTAS TRÁDÁLA BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS (Sliocht)**

| | 2004<br>€ | 2003<br>€ |
|---|---|---|
| Brabús Glan | 66,000 | 50,000 |

**(D)** Áirigh an **Cóimheas Caipiteal Oibre** do 2004 agus 2003 agus déan tagairt don treocht.
(Taispeáin na foirmlí agus do chuid oibrithe go léir) (25 marc)

**(E)** Áirigh an **Toradh ar Chaipiteal in Úsáid** do 2004 agus 2003.
(Taispeáin na foirmlí agus do chuid oibrithe go léir) (15 marc)

**(75 marc)**

**CUIMHNIGH AR AN BPÁIPÉAR CEISTEANNA SEO A CHUR AR AIS LE DO LEABHAR FREAGRAÍ.**

**GNÓ AG GNÍOMHÚ**

**CEIST 8**

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas.

*Déanann Deartháireacha Uí Bhriain Muilte Coise agus Trasthraenálaithe pearsanta. Baineann siad úsáid as Dearadh le Cabhair Ríomhaire (CAD) chun cineálacha nua a dhearadh. Baineann siad úsáid as córas jabtháirgthe agus tá siad ag smaoineamh ar an ngnó a leathnú.*
*Tá siad ag féachaint ar dheiseanna don ghnó agus tá siad ag smaoineamh ar chineálacha speisialta a tháirgeadh don líon daoine atá ag fairsingiú agus ar mhaith leo siúd trealamh aclaíochta a úsáid sa bhaile.*

**(A)** Mínigh an tearma 'Jabtháirgeadh'. (10 marc)

**(B)** Rianaigh **trí** shochar a ghabhann leis an ngnó a leathnú. (15 marc)

**(C)** Tabhair **trí** chúis a bhfuil gá le Taighde Margaidh sula ndéantar forbairt ar na táirgí nua. (15 marc)

**(D)** Tabhair **dhá** mhodh Tionscnamh Díolacháin, seachas Caidreamh Poiblí (PR), a d'fhéadfadh Deartháireacha Uí Bhriain a úsáid chun díolacháin a mhéadú. (10 marc)

**(E)** (i) Mínigh PR mar mhodh tionscnaimh.

(ii) Tabhair **dhá** shampla de PR a d'fhéadfadh an gnóthas a úsáid. (25 marc)

**(75 marc)**

**CUIMHNIGH AR AN BPÁIPÉAR CEISTEANNA SEO A CHUR AR AIS LE DO LEABHAR FREAGRAÍ.**

LEATHANACH BÁN